CEACHT **26**

BLÁTHANNA



A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. bláthanna, gairdín, bán, buí, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. An bhfaca tú na bláthanna?
Chonaic mé na bláthanna.
An raibh na bláthanna go deas?
Bhí siad go hálainn.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Tháinig Mamaí abhaile. Bhí mála aici. Bhí bláthanna sa mhála. Cheannaigh Mamaí na bláthanna sa siopa.

Agallamh

Nuala: Tá na bláthanna go deas.
Mamaí: Tá siad go han-deas.
Nuala: Cá bhfuair tú na bláthanna?
Mamaí: Cheannaigh mé sa siopa iad. Faigh uisce dom.
Nuala: Tá go maith, a Mhamaí.

C. **Cleachtadh**

Cé a tháinig abhaile?
Céard/Cad a bhí ag Mamaí?
Céard/Cad a bhí sa mhála?
Cá bhfuair Mamaí na bláthanna? etc.

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Bhí **bláthanna** sa mhála/**brioscaí/criospaí,** etc.
Cheannaigh Mamaí na **bláthanna/milseáin/ bréagáin/brioscaí,** etc.

D. **Leathnú**
Amhrán (An ceol ar théip)

I

Tá bláthanna ag Mamaí, bláthanna beaga buí,
Cheannaigh sí sa siopa iad, na bláthanna beaga buí.

Curfá:

Na bláthanna beaga buí, na bláthanna beaga buí,
Na bláthanna, bláthanna, bláthanna, bláthanna,
Na bláthanna beaga buí.

II

Tháinig sí abhaile leis na bláthanna beaga buí,
Chuir Nuala ins an uisce iad, na bláthanna beaga buí.

Curfá: